Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Office of the Comptroller and Auditor General

# Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

# 1923–2023

# Buíochas

Is éard atá sa leabhrán seo ná torthaí an obair chomhpháirtíochta arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, Acadamh Ríoga na hÉireann, An Foras Riaracháin agus Cartlann Náisiúnta na hÉireann.

An Dr Marie Léoutre a scríobh é agus a rinne an taighde ina leith.

Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Office of the Comptroller and Auditor General

Acadamh Ríoga na hÉireann
Royal Irish Academy

An Chartlann Náisiúnta
National Archives

IPA
AN FORAS RIARACHÁIN
INSTITUTE OF PUBLIC ADMINISTRATION

**Buíochas le:**

Sarah Blair(IPA)
John Buckley
Gerry Butler (IPA)
Michael Clarke
Gerard Coady (OARC&C)
Melissa Collins (CN)
William Derham (OOP)
Colette Drinan (OARC&C)
An Dr Charles Dillon (ARÉ)
Mary Feehan (Mercier Press)
Sarah Gearty (ARÉ)
An Dr John Gibney (ARÉ)
Peter Goode (CN)
Carolyn Gormley (IPA)
Nigel Johnston (CN)
An Dr Michael Kennedy (ARÉ)
Ciara Kerrigan (LNÉ)
An Dr Muiris MacCarthaigh (OBB)
An Dr Martin Maguire
Mary Mackey (CN)
Seamus McCarthy (OARC&C)
Orlaith McBride (CN)
Elizabeth McEvoy (CN)
Paula O'Connor (OARC&C)
An Dr Kate O'Malley (ARÉ)
Cian O'Sullivan (Rolling News)
An Dr Siobhán O'Sullivan (ARÉ)
An Dr Miriam Nyhan Grey (ARÉ)
John Purcell
Zoë Reid (CN)
Emer Ryan (IPA)
Seán Walsh (Lensmen photographic archives)

Réamhrá 5

Brollach 6

Téama

01 Tús: George McGrath 9

02 An Soláthar Foirne san Oifig 14

03 Suímh agus Brandáil Thar na 100 Bliain 19

04 Cás-Staidéar: Arm an Chogaidh Cathartha a Iniúchadh agus an Stát a Chobhsú 22

05 Fís Eachtrach-Bhreathnaitheach 26

06 An Neamhspleáchas a Chinntiú agus an Cur Isteach a Chosc 31

07 An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus an um Chuntais Phoiblí Coiste 35


08 Nuachóiriú 38

09 Cás-Staidéar: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus an Imscrúdú um DIRT 42

10 Idirghabháil Stáit: GNBS agus na Bainc a Chobhsú 44

11 ‘Rian an Iniúchta’: Taifid Stairiúla an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 46

Conclúid 51




George McGrath, an chéad Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, 1923–1944.

# Réamhrá

Tá áthas orm, mar shealbhóir reatha ról an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, an foilseachán seo a chur i láthair, is foilseachán ina mbreathnaítear siar ar stair ról Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ó bunaíodh í céad bliain ó shin.

Sa taighde a rinne an Dr Marie Léoutre, léirítear conas a d'fhreagair an Oifig do na dúshláin éagsúla a bhí os a comhair i rith na tréimhse sin. Áirítear leis sin: bunú na feidhme iniúchta maidir le cuntais an Airm Náisiúnta agus maoirseacht éifeachtach na Dála i ndiaidh an Chogaidh Chathartha; frithsheasmhacht roimh bhagairtí ar neamhspleáchas an róil sna 1960í; imscrúduithe casta ar nós an imscrúdú um DIRT sna 1990idí; agus, le déanaí, cuidiú le, agus ag tacú le, maoirseacht pharlaiminteach ar na freagairtí a tugadh chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéim baincéireachta 2008.

Aithníodh sa taighde freisin na tionscnaimh nuachóirithe shuntasacha maidir leis an soláthar foirne agus próisis a rinneadh chun a chinntiú, oiread agus is féidir, go n-aithnítear an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus go bhfuil muinín ann go bhfuil a thuairisciú oibiachtúil agus iontaofa, agus go dtugann sé dúshlán do chomhlachtaí poiblí seirbhísí níos fearr a sholáthar.

Ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil leis an Dr Léoutre as a tiomantas don tionscadal seo, agus as croílár ár dturas mar chomhlacht atá tiomanta don tseirbhís ar son an Stáit a léiriú ann. Bhí a dúthracht chun tochailt d'fhonn faisnéis a aimsiú, agus a díograis chun a torthaí a chur in iúl mar údar spreagtha dúinn go léir.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt freisin do chomhaltaí an Bhoird Chomhairligh a rinne maoirseacht ar an tionscadal taighde, agus buíochas a ghabháil leo — Colette Drinan, Rúnaí agus Stiúrthóir Iniúchta na hOifige, a bhí ina cathaoirleach ar an mBord Comhairleach; John Purcell, Iar-Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (1994–2008); Zoë Reid, Coimeádaí, Seirbhís Phoiblí agus Bailiúcháin, An Chartlann Náisiúnta; an Dr Michael Kennedy, Acadamh Ríoga na hÉireann; agus Paula O'Connor (rúnaí don Bhord). Buíochas freisin le John Buckley, Iar-Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (2008–2012), agus le baill teaghlaigh iar-shealbhóirí oifige as a gcúnamh leis an tionscadal.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin lenár gcomhpháirtithe sa tionscadal seo as a dtacaíocht agus an spreagadh a thug siad dúinn — Acadamh Ríoga na hÉireann; an Chartlann Náisiúnta; agus an Foras Riaracháin.

Le comóradh céad bliain na hOifige, tugtar deis thráthúil domsa mo bhuíochas a chur in iúl do mo chomhghleacaithe – iadsan a bhí agam roimhe seo agus iadsan atá agam faoi láthair araon – ar mar gheall ar an obair a dhéanann siad is féidir leis an Oifig a misean a chomhlíonadh. Táimid fós tiomanta don acmhainn againn mar chomhlacht um iniúchóireacht phoiblí a fhorbairt, ag baint úsáid as an teicneolaíocht is fearr atá ar fáil, ionas go leanfaimid ag tacú le cuntasacht éifeachtach phoiblí agus maoirseacht an Oireachtais ar chomhlachtaí poiblí tríd an tuairisciú fianaise-bhunaithe neamhspleách.

**Seamus McCarthy, Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**



Ceapachán Seamus McCarthy mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste arna dhéanamh ag an Uachtarán Michael D Higgins, in Áras an Uachtaráin.


# Brollach

> **Maidir leis an staid atá ag an Ard-Iniúchóir, tá cumhacht agus neamhspleáchas ar leith aige i ndáil le gach Roinn eile den Stát, … is ionann é, tríd is tríd, agus seiceáil éifeachtach maidir le caiteachas neamhdhleathach.**
>
> Thomas Johnson, TD, ceannaire Pháirtí an Lucht Oibre, ina fhreasúra, 5 Eanáir 1923

Is crann taca den daonlathas feidhmiúil, trédhearcach é an t-airgeadas poiblí a iniúchadh. Is caomhnóirí iad Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste na hÉireann (ARC&C) agus an Oifig a thacaíonn leis an ról a bhíonn ag breathnóireacht ar bhainistiú ceart an airgeadais phoiblí.

Is é misean Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste an oiread luach agus is féidir a chur leis an tseirbhís phoiblí in Éirinn trí sheirbhísí iniúchóireachta ar ardchaighdeán a sholáthar, seirbhísí atá dírithe ar úsáid airgid agus acmhainní poiblí a fheabhsú, agus cuntasacht phoiblí a neartú.

Is oifig bhunreachtúil í ról Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste na hÉireann ó cruthaíodh an Stát sa bhliain 1922. Rinneadh an tiomantas a thug bunaitheoirí an Stáit don Oifig i 1937 a athnuachan nuair a glacadh le Bunreacht na hÉireann, in airteagal 33 de. Agus í mar oifig lárnach den stát, tá fás


SAORSTÁT EIREANN.

*Uimhir 1 de 1923.*
*Number 1 of 1923.*

ACHT AN ARD-SCRÚDÓRA, 1923.

COMPTROLLER AND AUDITOR-GENERAL ACT, 1923.

BAILE ATHA CLIATH:
DUBLIN:
FOILLSITHE AG OIFIG AN tSOLATHAIR.
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE

Le ceannach trí Messrs. Eason and Son, Ltd., 40 agus 41 Sráid Iochtarach Uí Chonaill, Baile Atha Cliath.
To be purchased through Messrs. Eason and Son, Ltd., 40 and 41 Lr. O'Connell Street, Dublin.

*[Leath-raol Glan.]*
*Three Pence Net.]*

An tAcht ag bunú an róil do ritheadh an 12 Eanáir, 1923.
*(Cartlann Náisiúnta, TSCH/3/S1931)*

tagtha ar a sainchúram agus a ról le céad bliain anuas, go háirithe le hAcht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Tá an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, arb é Uachtarán na hÉireann a dhéanann é a cheapadh, iar ainmniúchán Dháil Éireann, freagrach as scaoileadh cistí as an Státchiste le haghaidh seirbhísí poiblí, arna fhaomhadh ag Dáil Éireann, a rialú agus as cuntais phoiblí a iniúchadh. Mar chuid den ról cuimsítear imscrúdú neamhspleách a thabhairt ar bhainistiú agus úsáid acmhainní poiblí agus torthaí na hoibre a thuairisciú do Dháil Éireann. Féadfaidh an Coiste um Chuntais Phoiblí, arb é an raison d'être leis na tuarascálacha seo a imscrúdú, ansin iarraidh ar bhainisteoirí sinsearacha na gcomhlachtaí poiblí lena mbaineann míniú a thabhairt i leith na gcuntas. Ar an mbealach seo, tacaíonn an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste le próiseas rialaithe agus cuntasachta na parlaiminte.

Tá deichniúr Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ceaptha ó ritheadh Acht 1923.

| | |
|---|---|
| George McGrath | 1923–1944 |
| John Maher | 1944–1949 |
| William Eugene Wann | 1949–1953 |
| Liam Ó Cadhla (William Kiely) | 1953–1964 |
| Eugene Francis (Frank) Suttle | 1964–1973 |
| Seán MacGearailt | 1973–1981 |
| Patrick Lauri McDonnell | 1981–1994 |
| John Purcell | 1994–2008 |
| John Buckley | 2008–2012 |
| Seamus McCarthy | 2012 go dtí an lá atá inniu ann |

Sa leabhrán seo, breathnaítear ar stair Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le céad bliain anuas. Díríonn sé ar aon phríomhthéama déag agus cás-staidéir chun stair agus feidhmiú na hOifige a mhíniú. Ag an tosach, leagtar béim ar bhunús na hOifige agus leagtar amach eolas faoin gcéad sealbhóir oifige, George McGrath, chomh maith le cuid dá fhoireann, a chinntigh go raibh bonn láidir ag an Oifig lena forbairt.

Ansin pléitear éabhlóid na foirne sa leabhrán, agus conas a léirítear leis sin an t-ualach oibre san Oifig atá ag dul i méid ar aon dul leis an bhfás atá tagtha ar mhéid an Stáit. I dTéama 3 déantar scrúdú ar na leaganacha éagsúla den Oifig a bhí ann thar an tréimhse chéad bliana — na teidil éagsúla a bhí uirthi i nGaeilge agus a dtábhacht ag tráth ina rabhthas ag tabhairt faoi náisiúin á tógáil, agus na láithreacha éagsúla sa phríomhchathair ina raibh a ceanncheathrú lonnaithe.

Ansin, le cás-staidéar léirítear conas a chabhraigh an Oifig le cobhsaíocht a thabhairt do Shaorstát Éireann i ndiaidh an Chogaidh Chathartha mar gheall ar an iniúchadh a rinneadh ar chuntais an Airm Náisiúnta. Léiríonn sé sin an Oifig ag dul i mbun gnímh le linn a luathbhlianta.

Leis an cúigiú téama déantar iniúchadh ar an gcaoi, ó 1922 i leith, ar choinnigh an Oifig fís eachtrach-bhreathnaitheach, agus conas a bhí sí ar thús cadhnaíochta agus ina spreagthóir athraithe agus í ag féachaint amach i dtreo na hEorpa agus níos faide i gcéin. Déantar scrúdú ann freisin ar réimsí ina raibh athruithe mall le teacht.

Thar aon rud eile, is oifig neamhspleách an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste. I dTéama 6, insítear scéal faoi iarracht chun an bonn a bhaint de neamhspleáchas gníomhaíochta an róil. Pléitear an dlúthchaidreamh atá ag an Oifig leis an gCoiste um Chuntais Phoiblí freisin i dTéama 7.


Tá Téama 8 dírithe ar nuachóiriú iomlán na hOifige agus ar leathnú a sainchúraim trí Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Tá cás-staidéar ar an imscrúdú um DIRT arna sheoladh i 1998 ina nochtar an pháirt lárnach a bhí ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus a fhoireann chun béim a chur ar imghabháil cánach arna éascú ag an earnáil bhaincéireachta, agus chun tacú leis an bhfiosrúchán domhain a rinne an Dáil ina leith.

Sa chás-staidéar deiridh leagtar béim ar an ról ríthábhachtach a bhí ag an Oifig chun cuidiú le hairgeadas an stáit a chobhsú tar éis na géarchéime baincéireachta in 2008 agus chun tacú leis an maoirseacht pharlaiminteach ar an nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS).

Is é an téama deiridh ná mionscrúdú ar na bailiúcháin shaibhre atá ann de thaifid stairiúla faoi ról Ard-Iniúchóra na hÉireann atá ar fáil don staraí, chomh maith leis na hiarrachtaí, nár éirigh leo sa deireadh, a rinneadh sa naoú haois déag lena gcaomhnú a chinntiú do na glúine atá le teacht.

Sa chéad tréimhse céad bliain d’Éirinn mar thír neamhspleách, chonacthas bagairtí ar an Stát, ar a cheannasacht agus ar an daonlathas ann. Bhíothas in ann aghaidh a thabhairt ar na bagairtí sin, agus iad a shárú. Cuid ríthábhachtach d’éabhlóid agus d’fhás na tíre in Éirinn ab ea slándáil agus ionracas an airgeadais phoiblí a chosaint agus ceartas an chaiteachais stáit a chinntiú tríd an iniúchadh neamhspleách agus an maoirseacht neamh-spleách, agus leanfar leis a bheith amhlaidh sna céadta bliain amach romhainn.


SAORSTÁT EIREANN.

APPROPRIATION ACCOUNTS
1922-23.

APPROPRIATION ACCOUNTS OF THE SUMS GRANTED BY THE OIREACHTAS FOR PUBLIC SERVICES FOR THE YEAR ENDED 31st MARCH, 1923, TOGETHER WITH THE REPORTS OF THE COMPTROLLER AND AUDITOR-GENERAL THEREON, AND HIS REPORTS ON CERTAIN STORE ACCOUNTS.

*(Presented pursuant to Section 7 of the Comptroller and Auditor-General Act, 1923 (No. 1 of 1923)).*

*Ordered, by* Dáil Eireann, *to be Printed, 26th March, 1924.*

BAILE ATHA CLIATH:
DUBLIN:
FOILLSITHE AG OIFIG AN tSOLATHAIR.
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE.

Le ceannach trí Messrs. Eason and Son, Ltd.,
40 agus 41 Sráid Iochtarach Uí Chonaill, Baile Atha Cliath.
To be purchased through Messrs. Eason and Son, Ltd.,
40 and 41 Lr. O'Connell Street, Dublin.

1924.

*Luach Trí Syilleacha agus Raol.*
*Price Three Shillings and Six Pence.*

An Chéad Tuarascáil agus na Cuntais Leithreasa iniúchta le George McGrath, 1924. *(Bailiúchán an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste)*

TÉAMA 01

# Tús:
# George McGrath

Ba é George McGrath an chéad Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste in Éirinn le linn den tír a bheith neamhspleách. Bhí an post aige ón 12 Eanáir 1923 go dtí an 17 Aibreán 1944.

Rugadh McGrath ag 11 Bánta an Spidéil, Baile Átha Cliath, sa bhliain 1875, agus cuireadh oideachas air i Scoil na mBráithre Críostaí ar Shráid Phroinsias, in aice láimhe leis, agus is ann a mhúin sé an Ghaeilge ina dhiaidh sin. Faoi 1911, bhí sé ina chuntasóir agus bhí sé ag obair don ghnólacht Craig, Gardner and Co. ar Shráid an Dáma i mBaile Átha Cliath. Bhí sé bródúil as a bheith ar an gcéad chuntasóir Caitliceach a bhí fostaithe ag Craig, Gardner agus Co. Bhí a dheartháir, Joseph (Joe), a d'oibrigh sa ghnólacht freisin, ina Aire Tionscail agus Tráchtála níos déanaí sna 1920idí. Bhí cáil mhór ar Joe i dtionscal na gcapall rása freisin agus bhí sé ar bhunaitheoirí Scuabgheall Ospidéil na hÉireann.


Comhghleacaí eile ag Craig, Gardner agus Co. ab ea Mícheál Ó Coileáin, a d'ainmnigh George McGrath mar Ard-Chuntasóir na chéad Dáil Éireann i 1919. Sa cháil sin, mar an tArd-Chuntasóir, cuireadh McGrath go Washington DC i mí na Samhna 1922 le foghlaim faoi chúrsaí airgeadais an stáit, agus suim mhór airgead, £500, mar a bhí sé ag an am sin, deonaithe leis le haghaidh taistil.

Ar 12 Eanáir 1923, ceapadh McGrath ina chéad Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar Shaorstát Éireann. Tharla sé seo in ainneoin roinnt agóid ina choinne sin i nDáil Éireann a rinne cheannaire Pháirtí an Lucht Oibre Thomas Johnson mar gheall ar ghaol McGrath leis an aire.

Is éard a bhí i gceist le cúram George McGrath tar éis 1923 ná bunsraith dhaingean iniúchta a bhunú do Shaorstát Éireann, agus a chinntiú go mbeadh an stát nua inbhuanaithe ó thaobh airgeadais de réir an buiséad measartha íseal a bhí i gceist. D'éirigh leis san iarracht seo den chuid is mó.

Ghlac McGrath go han-dáiríre lena ról, agus é chomh coinsiasach sin gur iarraidh sé ciúnas ina theach féin sa tseachtain roimh dó freastal ar chruinniú den Choiste um Chuntais Phoiblí.

I measc na mball foirne san Oifig a thug tacaíocht do McGrath sna blianta tosaigh sin bhí seanfhear a ghlac páirt sa troid ar son na saoirse, agus duine de na chéad mhná a tháinig isteach san Oifig, Alice Lyons. Ba chlóscríobhaí pearsanta le Mícheál Ó Coileáin sa Roinn Airgeadais í Lyons agus d'fhóin sí leis an toscaireacht thar ceann na hÉireann i Londain le linn na hidirbheartaíochta i ndáil leis an gConradh i 1921 freisin. Gan dabht, ba mhó an luach í mar gheall ar an taithí fhairsing ar phoist iontaofa a bheith aici do na polaiteoirí is sinsearaí. Fostaí eile ba ea Kathleen Galvin a raibh a taithí agus eolas institiúideach thar a bheith luachmhar dá comhghleacaithe toisc gur fhóin sí faoi cheathrar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Chuaigh sí isteach san Oifig mar Chléireach Sealadach ar ghrád III in Aibreán 1923 agus d'fhóin sí go dtí gur scoir sí in Aibreán 1955 mar Chléireach Iniúchóireachta.



T. 7.

# DÁIL EIREANN.

## Tuairisc Choiste ar Cheapa Árd-Sgrúdóra.

**(Report of Committee on Appointment of Comptroller and Auditor-General.)**

Tuairisc Choiste do cheap Dáil Eireann ar an 11adh Eanair, 1923, chun machtnamh do dhéanamh agus duine do thogha a molfaí don Dáil do phost an Árd-Sgrúdóra agus do nithe eile a bhaineann leis.

*Láithreach* :—Peadar Ó hAodha (Cathaoirleach), Liam Ó Briain, Donchadh Ó Guaire, Séamus Ó Dóláin, Liam Mag Aonghusa, Domhnall Mac Cárthaigh, S. B. O. Faoilleacháin (Rúnaí).

Do bhí cheithre ainmneacha os cóir an Choiste, ach ar a dheimhniú dhóibh gur oibrigh Seoirse Mag Craith go hábalta agus go héifeachtúil i bpost dá shaghas don Dara Dáil, molaid é do cheapa mar Árd-Sgrúdóir fén Acht den Oireachtas do ritheadh ar an 5adh lá d'Eanair, 1923.

Report of Committee appointed by Dáil Eireann on January 11th, 1923, to consider and select a person to be recommended to the Dáil for the position of Comptroller and Auditor-General and for other matters connected therewith.

*Present* :—Deputies Hughes (Chairman), W. O'Brien, D. J. Gorey, J. N. Dolan, W. Magennis, D. McCarthy, J. B. Whelehan (Secretary).

The Committee had before it four names, but being assured that Mr. George McGrath has acted with ability and efficiency in a similar capacity for the Second Dáil recommends his appointment as Comptroller and Auditor-General under the Act of the Oireachtas passed on the 5th day of January, 1923.


(Sighnithe),

PETER HUGHES (Cathaoirleach).
WM. O'BRIEN.
SÉAMUS N. O'DÓLÁIN.
DENIS J. GOREY.
WILLIAM MAGENNIS.
DOMHNALL MAC CÁRTHAIGH.
S. B. O'FAOILLEACHÁIN (Rúnaí).

11*th January*, 1923.

16837. 3. 350. 1/23.—A. T. & Co., Ltd.

Tuarascáil ón gCoiste chun Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste a cheapadh, 11 Eanáir 1923. Ba é an t-aon uair amháin é a bunaíodh coiste de chuid Dháil Éireann chun Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste a cheapadh. Léiríonn sé sin cé chomh tapa is a ritheadh an tAcht agus a ndearnadh George McGrath a roghnú ag an am céanna. *(Cartlann Náisiúnta, TSCH/3/S9213)*



UIMHIR P. 1100.

UACHTARÁN NA hEIREANN

SGEUL George McGrath

FO-SGEUL Comptroller & Auditor General

1. Before his appointment as Comptroller & Auditor General in 1923, Mr George McGrath had been Accountant General of Dáil Eireann from 1919 to 1922.


2. He was a close associate of the late Gen. Michael Collins, under whom he worked when the latter was Minister of Finance of Dáil Eireann.

3. He lives at Rosehill, Carysfort Ave. Blackrock.

4. He is married, and has two children, a son and a daughter.

12.12.38

Meabhrán chuig Uachtarán na hÉireann maidir le George McGrath roimh an gcéad chruinniú, i 1938.
*(Cartlann Náisiúnta, PRES/1/P1100)*



Ein-fhreagra ar an litir seo, is mar seo ba chóir í stiúradh :-
(Any reply to this communication should be addressed to :-)
ÁRD REACHTAIRE CUNNTAS AGUS CISTE
SRÁID MH[illegible]BHTHEANN UACHT.,
BAILE ÁTHA CLIATH.
Fé'n uimhir seo :-
(and the following number quoted :-)

ÉIRE

Oifig an Árd Reachtaire Cunntas agus Ciste.
(Office of Comptroller and Auditor-General)

Baile Átha Cliath

14th April, 1944.

D'Uachtarán na hÉireann.

A Dhuine Uasail,

I desire to inform you that for reasons of health I am anxious to retire from the position of Comptroller and Auditor General with effect as from 17th instant inclusive. I was appointed Comptroller and Auditor General on 12th January, 1923, and, subject to your acceptance of my notice to retire, I propose to approach The Minister for Finance with a view to the necessary arrangements being made for the payment to me from the Central Fund of the pension stipulated in section 2 (2) of the Comptroller and Auditor General Act, 1923 (Number 1 of 1923).

Is mise le mór-urraim,

Do Sheirbhíseach Umhal,

Seoirse MagRaith.


Litir scoir as oifig chuig an Uachtarán Dubhghlas de hÍde, i mí Aibreáin 1944, ag socrú an fasach le haghaidh scor ina dhiaidh sin. Mar an gcéanna, tharla go raibh an nós imeachta ceapacháin buan: déanann an Rialtas moladh don Dáil, agus ceadaíonn an tUachtarán an rogha. Tá an oifig neamhspleách, agus tá an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste cosúil le comhalta den bhreithiúnas.
*(Cartlann Náisiúnta, TSCH/3/S9213)*



Alice Lyons i Londain, 1921. Bhí Lyons ar dhuine de na chéad mhná a chuaigh isteach in Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. *(Bailiúchán príobháideach EA Lawlor)*

Mar an gcéanna, fuair John Maher, a tháinig isteach chun fónamh le McGrath mar Rúnaí agus Stiúrthóir Iniúchta an 18 Eanáir 1923, eolas leathan ar chleachtas agus ar phrionsabail an airgeadais, d'fhreastail sé ar an gCoiste um Chuntais Phoiblí nuair nach raibh McGrath ar fáil, agus tháinig sé i gcomharbacht air i 1944.

Nuair a chuaigh McGrath ar scor, mar gheall ar a shláinte, i 1944, chuir Teachtaí Dála ó gach cuid den speictream polaitíochta in iúl go raibh siad buíoch as a ról foirmitheach i ndáil le hiniúchadh airgeadais an Stáit. Luaigh Fionán Lynch ó Fhine Gael, agus é ag tabhairt ómós do McGrath, mar seo a leanas, agus tuairimí a lán daoine eile á gcur in iúl aige, leis:



ÉIRE

Leis seo glacaim-se, Dubhghlas de h-Íde, Uachtarán na h-Éireann, ar chomhairle an Riaghaltais leis an tairisgint a dhein

Seóirse Mag Craith
(George McGrath)

chun éirighe as oifig mar Árd-Reachtaire Cunntas agus Ciste go n-éifeacht ón 17adh Abrán, 1944.

Dubhghlas de h-Íde

Uachtarán na h-Éireann.

Glacann an tUachtarán Dubhghlas de hÍde le McGrath a éirí as an 15 Aibreán 1944. *(Cartlann Náisiúnta, PRES/1/P1100)*

**"Ghlac sé le maoirseacht a dhéanamh ar chaiteachas na Ranna Stáit éagsúla ag an am a bunaíodh an Stát, tráth a raibhamar go léir i bhfad níos óige agus thar a bheith leochaileach freisin, is dócha, ó thaobh cúrsaí airgeadais phoiblí."**

TÉAMA 02

# An Soláthar Foirne san Oifig

Le forbairt Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ó 1923, léirítear an fás atá tagtha ar Stát na hÉireann agus na héilimh chasta a bhaineann le hiniúchadh a dhéanamh ar a chaiteachas.

Oifigeach bunreachtúil neamhspleách is ea an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, seachas cuid den státseirbhís. Ach déantar foireann na hOifige a sholáthar, áfach, le státseirbhísigh.

Idir 1923 agus 1953, bhí dhá bhrainse in Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Bhí Rannóg Iniúchóireachta an Árachais Náisiúnta ann go dtí 1953. Brainse bheag a bhí ann, ina raibh, ar an meán, níos lú ná deichniúr fostaithe. I mí Iúil 1923 bhí 26 fostaithe sa phríomhbhrainse, Rannóg an Státchiste agus Iniúchóireachta. Ní go dtí lár na 1930idí a tháinig buanseasmhacht ar líon foirne Rannóg an Státchiste agus Iniúchóireachta ag 45. Seachas an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus Rúnaí agus Stiúrthóir Iniúchóireachta, bhí sé comhdhéanta d'Iniúchóirí Sinsearacha, Iniúchóirí Cúnta, Cléirigh Iniúchta, Oifigigh Chléireachais, Clóscríobhaithe agus Teachtaire.

Leithdháileadh iniúchóirí ar chuntais áirithe i Vótaí Dháil Éireann, mar shampla an ceann le haghaidh Poist agus Telegrafa, agus bhí siad bunaithe ag áitreabh a n-iniúchta, ag tabhairt tuairisce don cheanncheathrú go rialta. De ghnáth, tugadh Vóta dóibh ar feadh tréimhsí gearra timpeall trí bliana sular athlonnaíodh iad chuig iniúchadh nua.


In 2015, athlonnaíodh an fhoireann iniúchta go léir chuig aon áitreabh amháin. Ó shin i leith, forbraíodh samhail nua, lena dtugtar cuairteanna gearra ar an láthair. Leithdháiltear punanna sonracha fós do na baill foirne, lena gcuimsítear raon caiteachais stáit na hÉireann, idir an rialtas láir agus chomhlachtaí leathstáit, agus lena n-áirítear téamaí ar nós cleachtas agus feidhmíocht airgeadais.

Tar éis Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste a fhorbairt, anois déanann sí iniúchadh ar bhuiséid aireachta, atá ag dul i méid. Méadaíodh a ualach oibre mar gheall ar leathnú na gcomhlachtaí agus na seirbhísí stát-tionscanta i rith an fichiú haois freisin. Mar gheall ar an dá fhorbairt seo bhí gá le breis soláthar foirne. In ainneoin go raibh méadú tagtha ar an líon pearsanra — 53 ball foirne a bhí san Oifig i 1965 — faoi lár na 1960idí, bhí imní ar an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus ar an gCoiste um Chuntais Phoiblí araon nach bhféadfaí ualaí oibre breise agus méadaitheacha a thabhairt chun críche mar gheall ar ghanntanas foirne. Dá réir sin mhol an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste Seán Mac Gearailt go gcruthófaí post mar Stiúrthóir Iniúchóireachta, a bheadh tiomnaithe go sonrach do chomhlachtaí stát-tionscanta. I 1976, as 75 fostaithe, 47 Vóta iniúchta agus 19 gcomhlacht stát-tionscanta arna n-iniúchta; baill foirne na stiúrthóireachta, clóscríobhaithe, teachtaire agus glantóir a bhí sa naonúr eile.

Faoi 1980, bhí líon foirne de 101 duine ceadaithe ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.



(Clé go Deas) Ellie Lyons, Kathleen McKenna, agus Alice Lyons, Londain, 1921. Ba chlóscríobhaí pearsanta le Mícheál Ó Coileáin í Lyons agus d'fhóin sí leis an toscaireacht thar ceann na hÉireann le linn na hidirbheartaíochta i ndáil leis an gConradh roimh di post a fháil san Oifig. *(Le caoinchead cartlann Mercier Press)*



DECLARATION OF FIDELITY

I, Mary Cox do hereby solemnly and sincerely declare that I will at all times bear full and true allegiance to the Irish Free State and its Constitution as by law established.

Signature Mary Cox


Date 19.6.25

Signed in my presence

Signature of Witness [illegible]

Description [illegible]

Bhí ar gach uile státseirbhíseach fógairt dílseachta a thabhairt agus iad ag dul isteach sa tseirbhís den chéad uair, is fianaise ar an tús deacair a bhí ag an saol in Éirinn tar éis an Chogaidh Chathartha. Thosaigh Iníon Mary Cox, a rugadh in 1896, ag obair san Oifig an 15 Feabhra 1923 mar Chléireach Sealadach grád III. Faoi mhí na Samhna, d'éirigh léi sa Chomórtas um Chúntóir Scríbhneoireachta. D'éirigh sí as i mí Iúil 1926. *(Bailiúchán Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste)*




List of Temporary Staff

Serving in Exchequer and Audit Department

on 1st July 1924.

| Name. | Grade on Appointment. | Present Grade. | Salary per week. On Appointment | Salary per week. Present. | |
|---|---|---|---|---|---|
| Keavy, Sean | | | £5 less 3/41 cut | £5 less 3/41 cut | |
| Barton F.C.M | 3 | 3 | 60/- less 3/41 cut | 65/- less 3/41 cut | |
| Byrne, P.R. | 3 | 2 | do. | 69/- | do. |
| Clinch, J.F. | 3 | 3 | do. | 65/- | do. |
| Devin, J.F. | 3 | 3 | do. | 60/- | do. |
| Dunne, H.J. | 3 | 3 | do. | 65/- | do. |
| Larkin, M. | 3 | 3 | do. | 62/6 | do. |
| Morgan, J.P. | 3 | 2 | do | 69/- | do. |
| Donnelly, Miss N.E. | 3 | 3 | 45/- less 3/41 cut | 45/- | do. |
| Dunn, Miss A. | 2 S.T. over 21 yrs. | 2 S.T. over 21 yrs. | 49/- do. | 49/- | do. |
| Lyons, Miss A. | 3 Typist | 2 Typist | 36/- do. | 42/- | do. |
| Peacock, Mrs M. | 3 | 3 | 45/- do. | 47/- | do. |
| Ryan, Miss C. | 3 | 3 | 45/- do. | 47/- | do. |

Liosta de na baill foirne shealadacha san Oifig 18 mí tar éis dá bunú. Bhí cosc ar mhná pósta á fhorfheidhmiú sa státseirbhís go dtí 1973 — b'éigean do mhná éirí as nuair a pósadh iad. Bhí cead ag baintreacha filleadh ar a bpost. Ar an liosta seo, íoctar mná, ar an meán, 25 faoin gcéad níos lú ná fir ag an ngrád céanna — fir neamhphósta, agus mná (neamhphósta nó baintreach) níos lú ná fir phósta ar fud na státseirbhíse. *(Cartlann Náisiúnta, CAG/2001/73/1)*



Ard-Sgrúdóir,
Sráid Mhuirbhtheann Uacht.,
Baile Átha Cliath,

OIFIG AN ÁRD-SGRÚDÓRA
(Office of Comptroller and Auditor-General)
BAILE ÁTHA CLIATH.

30th November, 1926.

A31/471/26.

A Chara,


I am instructed by the Comptroller and Auditor General to request that you may be good enough to issue two permits for Messrs. J. Haughey and W.J. Kiely enabling them to visit Mountjoy Prison on Friday and Saturday, 3rd and 4th December, for the purpose of auditing the Manufacturing and Store Accounts. I am also to request that all relevant documents - Board of Survey Reports, etc. - may be made available for their inspection.

Mise, le meas,

M. Cosgrave

The Accounting Officer,
General Prisons Board.

Litir ó Maurice Cosgrave ina fógraítear cigireacht ar phríosún Mhuinseo i 1926. Tháinig Cosgrave isteach san Oifig mar Iniúchóir Sinsearach i bhFeabhra 1923 agus chuaigh sé ar scor i Lúnasa 1932, agus é 65 bliain d'aois. Bhí John Haughey ina Iniúchóir Cúnta i 1926 agus tugadh ardú céime dó go hIniúchóir i 1934. Thosaigh W.J. Kiely mar Iniúchóir Cúnta i Meitheamh 1924, tugadh ardú céime dó mar Iniúchóir Sinsearach i mí Eanáir 1932, agus rinneadh Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste de i 1953. *(Cartlann Náisiúnta, JUS/90/16/102)*


Interpretation of "former scale" in par. 3 of DF Circ. 14/51

In accordance with Secretary's instructions I asked auditors to furnish statement in writing of interpretation placed on this expression in the Dept for which they are responsible.

Mr Walsh (LG & Health)
- McGearailt (Educ.)
- Morgan (Justice)
- Fowler (Defence)
- Brassel (Agric)
- Young (w Mr Brophy) P&T & Rev
- Hennessy (for Mr Keely) I&C.
- Suttle L.C. & OPW.
- Cosgrave (S&O & Transition)
- Reddin (Gaeltacht)

Meabhrán ina liostaítear Iniúchóirí agus a sanntaí i bhFeabhra 1953. Ina measc tá Seán Mac Gearailt agus Frank Suttle a bhí ina Ard-Reachtairí Cuntas agus Ciste ina dhiaidh sin. *(Cartlann Náisiúnta, CAG/2001/73/27)*



Ceathrar Rúnaithe agus Stiúrthóirí Iniúchóireachta: (Clé go Deas) John Buckley, Andrew Harkness, Colette Drinan agus Gerry Smyth, 13 Eanáir 2023. *(Bailiúchán Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste)*

Le linn an chúlaithe eacnamaíochta go luath sna 1980idí, fágadh go raibh an Oifig gann ar fhoireann an Oifig gann ar an bhfoireann mar gheall ar lánchosc ar earcaíocht, agus bhí sé faoi bhun an leibhéil don chomhlacht. Mar thoradh air sin, cuireadh moill mhór ar iniúchadh a dhéanamh ar chaiteachas an stáit. Bhí an tionchar a bhí aige sin chomh suntasach sin gur thug an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste Lauri McDonnell foláireamh don Choiste um Chuntais Phoiblí gur chuir an lánchosc earcaíochta cosc air a dhualgais reachtúla agus bhunreachtúla a chomhlíonadh. Dá bharr sin, cruthaíodh folúntais d'fhonn an fhoireann a thabhairt go 91 i 1984.

Tar éis na géarchéime airgeadais in 2008, fágadh líon na mball foirne san Oifig ag 145 mar gheall ar mhoratóir ginearálta ar earcaíocht agus ar ardú céime. Mar sin féin, d'iarr an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste John Buckley ar thuilleadh tacaíochta mar

aitheantas ar an obair bhreise a bhí le déanamh tar éis an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS) a bheith bunaithe. Comhaontaíodh é sin ar bhonn eisceachtúil agus, faoi thús na bliana 2010, bhí an Oifig ar ais ag an leibhéal iomlán a bhí údaraithe roimhe sin de 156.

Go stairiúil, earcaíodh pearsanra Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste tríd an iomaíocht sheachtrach sa státseirbhís den chuid is mó. Ó na 1990idí ar aghaidh, tá aistriú i dtreo na gairmiúlachta tar éis tarlú, agus tá iomaíocht oscailte ag gach grád tar éis caighdeánú na scileanna agus na leibhéil cumais a chinntiú. Is gnách go dtagann na hearcaigh nua ó chúlraí cuntasaíochta, cé nach mbíonn sé sin ag teastáil i gcónaí. Don cheapachán is déanaí, fógraíodh post an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i gcomórtas oscailte freisin.

Céad bliain tar éis dá bhunú, is mná iad 50 faoin gcéad d'fhostaithe Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus níl aon bhearna pá inscne ann. Cé nach raibh Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste baineann ann go dtí seo, tá an dara post is airde — Rúnaí agus Stiúrthóir Iniúchóireachta — á fheidhmiú ag Colette Drinan faoi láthair.

Sa lá atá inniu ann, déanann an Oifig iniúchadh ar bheagnach 300 comhlacht gach bliain, le foireann de díreach faoi bhun 200 fostaí.



Foireann de chuid OAR&C ag Comhdháil Bhliantúil na hOifige, 2022. *(Bailiúchán Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste)*


TÉAMA 03

# Suímh agus Brandáil Thar na 100 Bliain

Tá Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste sa lá atá inniu ann tógtha ar an mbonn a leagadh síos i 1923, ach bhí ainmneacha éagsúla uirthi le linn na céad bliain de Stát na hÉireann a bheith ann.

Nuair a bhí cinneadh déanta ag an gCoiste um Bunreacht na hÉireann, 1922 go ndéanfaí foráil chun iniúchadh a dhéanamh ar airgeadas stáit a ionchorprú i mBunreacht Shaorstáit na hÉireann, d'fhéach sé le teideal Gaeilge a chumadh don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Moladh i ndréachtaí den Bunreacht an téarma 'Mór-Mhaor' agus an téarma 'Cuntasóir an Stáit'. Sa deireadh, glacadh leis an teideal 'Árd-Scrúdóir' go litriúil.


Tugadh Exchequer and Audit Department sa Bhéarla (nó Oifig an Árd-Scrúdóra sa Ghaeilge) ar Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar dtús, agus bhí an t-ainm sin fós in úsáid sna 1950idí. Mar sin féin, mar thoradh ar an mBunreacht nua a bheith glactha i 1937, athraíodh a teideal go foirmiúil go hOifig an Árd Reachtaire Cuntas agus Ciste, agus is é sin an teideal Gaeilge atá ar an Oifig fós, sa lá atá inniu ann.




Leagan luath de stampa na hoifige, leis an litriú 'Ard Sgrúdora'. *(Cartlann Náisiúnta, CAG/2001/73/1(4))*




Leagan luath de stampa na hoifige, leis an litriú 'Ard Scrúdora' agus stampa John Maher. *(Cartlann Náisiúnta, CAG/2001/73/1(4))*



OIFIG AN ÁRD REACHTAIRE
CUNNTAS AGUS CISTE
(Office of Comptroller and Auditor-General)
BAILE ÁTHA CLIATH.

Your Ref 4223/6 .............23 Jul 1948

A dhuine uasail,
I am directed by the Comptroller and Auditor-General to acknowledge the receipt of the following account and vouchers for the month of ~~quarter ended~~

December, 1947.........................


Vote External Affairs

Mise le meas,
W.E.WANN

(5765) C7307.Wt3227. D561. 500. 10-45. F.P.—G21.




Stampa na hoifige agus an t-athrú ainm léirithe ann tar éis Saorstát Éireann a athrú go hÉire. *(Cartlann Náisiúnta, CAG/2001/73/30)*



ÉIRE.

The Accounting Officer,
Department of External Affairs,
St Stephens Green,
Dublin.

Oifig an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste
Exchequer and Audit Dept.

Leath-bhileog miontuairiscí ó William Wann chuig oifigeach cuntasaíochta na Roinne Gnóthaí Eachtracha, ag admháil go bhfuarthas na cuntais leithreasa, 23 Iúil 1948. Tagraíonn an stáiseanóireacht ceannteidil seo do 'Oifig an Árd-Scrúdóra / Exchequer and Audit Department'. *(Cartlann Náisiúnta, DFA/523/5)*



William Eugene Wann, Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, 1949-1953. *(Bailiúchán príobháideach Deirdre Wann)*



*View of Lower Castle Yard, Dublin Castle, 1816* le R. Havell & Sons, tar éis T.S. Roberts. Tógadh Bloc an Chisteáin, ar dheis, idir 1713 agus 1715. Tógadh an Séipéal Ríoga, sa lár, idir 1807 agus 1814. *(Le caoinchead Oifig na nOibreacha Poiblí)*

Ní hamháin go raibh ainmneacha éagsúla ar Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, ach d'fheidhmigh sí ó áitribh éagsúla ar fud Bhaile Átha Cliath — athruithe lena léirítear, dá réir, an tslí a d'athraigh lár Bhaile Átha Cliath féin le céad bliain anuas.

Ó 1923, bhí an Oifig an Árd-Scrúdóra lonnaithe i gColáiste na hEolaíochta, Tithe an Rialtais, ar Shráid Mhuirfean. I 1951, d'aistrigh sí trasna an bhóthair go 32 Sráid Mhuirfean Uachtarach isteach i dteach Seoirseach cúig-stór. Bhí an brainse níos lú den Oifig, Rannóg Iniúchóireachta an Árachais Náisiúnta, a bhí ann idir 1923 agus 1953, lonnaithe ag 19 Ardán Phort an Iarla go dtí 1930 ar a laghad, ina dhiaidh sin bhí sí lonnaithe ag 6 Sráid Fhearchair, agus ar deireadh sa Choláiste Eolaíochta faoi 1950.

D'fhan Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ag 32 Sráid Mhuirfean Uachtarach go dtí 1967, nuair a aistríodh í go háitreabh ag 72–76 Faiche Stiabhna, áit ar fhan sé go dtí tús na 1990idí.

D'fhill an Oifig ansin ar an láthair a bhí aici roimh an neamhspleáchas, i bhFoirgneamh an Chisteáin i gClós Íochtarach Chaisleán Bhaile Átha Cliath. Athchóiríodh Bloc an Chisteáin, a tógadh é idir 1712 agus 1714, i 1989 chun freastal ar an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus a fhoireann a lonnú ann den athuair. Taifeadtar go raibh Ard-Iniúchóir nBhaile Átha Cliatha hÉireann lonnaithe i gCaisleán timpeall na bliana 1610.

In 2015, d'aistrigh an Oifig chuig a háitreabh reatha in 3A Sráid an Mhéara Uachtarach i nDugthailte Bhaile Átha Cliath, cois na Life.

Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Office of the Comptroller and Auditor General

Lógó reatha na hOifige.

TÉAMA 04

# Cás-Staidéar:
# Arm an Chogaidh Cathartha a Iniúchadh agus an Stát a Chobhsú

Tá sé ar cheann de dhualgais lárnacha an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste aird a tharraingt ar neamhréireachtaí agus ar réimsí ina bhfuil fadhbanna ann i ndáil leis an gcaiteachas poiblí.

> **“rinne an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, ar ócáidí éagsúla, a dhualgas a tharmligean chuig an Uasal Maher … Bheadh sé thar a bhieth deacair don Choiste um Chuntais Phoiblí — coiste a ionadaíonn comhaltaí de na Páirtithe go léir sa Teach seo — a dhualgais a chomhlíonadh go héifeachtúil gan an cúnamh a thug an tUasal Maher dúinn. Bheadh sé beagnach dodhéanta don choiste sin a dhualgais a chomhlíonadh go héifeachtúil, gan an obair atá déanta ag an Uasal Maher, i ndáil leis na nithe éagsúla a tháinig os comhair an choiste a shoiléiriú lena mbreithniú, agus anuas air sin i ndáil leis na cúrsaí seo go léir a chur in ord is oiriúnach don tuarascáil bhliantúil. Caithfidh mé a rá go raibh an taithí ollmhór agus an cumas iontach atá ag an Uasal Maher ar fáil, i gcónaí, don choiste sin, gan stad gan staonadh.”**



Cruinniú den CCP i dTeach Chill Dara, c.1999. (C go D), an tsraith uachtarach: Na Teachtaí Dála Beverley Cooper-Flynn, Seán Doherty, Seán Ardagh, Denis Foley; Teachtaí Dála sa tsraith íochtair Pat Rabbitte, Thomas Gildea, Pádraig McCormack, Bernard Durkan. Cúlra: An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste John Purcell (an dara ó chlé) agus Cathaoirleach an Choiste um Chuntais Phoiblí Jim Mitchell (tríú duine ó chlé), le OARC&C agus foireann den Oireachtas. *(Bailiúchán príobháideach John Purcell)*




Stadán ó Oireachtas TV. An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste Seamus McCarthy le linn cruinnithe den Choiste um Chuntais Phoiblí, Eanáir 2023. D'athraigh cruinnithe teilifíse an próiseas trí é a dhéanamh níos poiblí agus níos láithrí.

Tá an CCP neamhpháirteach agus ní dhéileálann sé le cúrsaí beartais. Tá an chumhacht aige daoine agus doiciméid a iarraidh. Is gnách go mbíonn na finnéithe ina n-oifigigh chuntasaíochta i ngach aon roinn stáit, nó ag daoine cuntasacha eile, a ghairtear orthu mar ghnáthamh. Is finné buan é an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

De réir mar atá méadú tagtha ar ról an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, tá forbairt tagtha ar an CCP freisin. I 1992, ní raibh difríocht bhunúsach idir feidhmeanna an CCP, mar atá leagtha amach sna buan-orduithe, agus na feidhmeanna a bunaíodh i 1922. Tar éis Acht 1993 a rith, tugadh isteach athruithe suntasacha ar théarmaí tagartha an choiste. Faoi láthair, éilíonn rún ó Dháil Éireann an CCP a bhunú tar éis olltoghcháin, le fónamh ar feadh ré na Dála sin, seachas go bliantúil. Tá 13 TD ina gcomhalta ann anois. Tá méadú tagtha ar a ról freisin agus áirítear leis anois a chinntiú go bhfuil 'seirbhísí poiblí á reáchtáil go héifeachtach agus go bhfuil luach ar airgead á réadú acu'.

TÉAMA 08

# Nuachóiriú

Ba é an t-athrú ba shuntasaí a tháinig ar Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le céad bliain anuas ná an t-athchóiriú iomlán, arna dhéanamh i 1993, ar an reachtaíocht a bhí mar bhonn agus thaca ag an Oifig. Tháinig Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 le bheith ina bhunchloch don nuachóiriú, lenar cuireadh ar chumas na hOifige freastal ar na hathruithe ó thaobh mhaoiniú an stáit a tharla le linn an fichiú haois agus na héilimh iniúchta nua a tháinig isteach ina dhiaidh sin.

Roimh 1993, foráladh do shainchúram iniúchta an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste san Exchequer and Audit Department Act, 1866. Ba ionann forálacha Acht 1993 agus aitheantas fhoirmiúil ar na cleachtais a tháinig chun cinn ó bunaíodh an Oifig i 1923. Bronnadh feidhmeanna iniúchta breise go hoifigiúil leis a bhí á n-iarraidh ag an Oifig ó dheireadh na 1960idí: mar shampla, an ceart scrúdú agus tuairisciú a dhéanamh ar an barainneacht agus ar an éifeachtúlacht lena gcaitear airgead poiblí agus an tslí a ndéantar meastóireacht ar éifeachtacht. Tugtar an sainchúram 'luach ar airgead' ar na feidhmeanna seo.

I 1985, chuir an Coiste um Chuntais Phoiblí tuarascáil speisialta ar fáil ar acmhainní agus feidhmeanna an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Bhí an CCP i bhfabhar athrú reachtaíochta:

**Mhínigh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste don Choiste gur nós le blianta fada na teorainneacha sin a shárú trí aird a dhíriú ar chaillteanas, ar dhramhaíl agus ar ghnéithe eile a bhaineann le heacnamaíocht agus le héifeachtúlacht i ndáil le grinnscrúdú a dhéanamh ar chaiteachas poiblí ach nach bhfuil aon bunús leis seo sa reachtaíocht. Is é tuairim an Choiste gur chóir go mbeadh bonn reachtúil ann agus ina theannta sin go bhfuil gá le hathbhreithniú níos leithne fós chun glacadh le gach gné den iniúchadh ar a dtugtar 'luach ar airgead' go minic.**


Bhí an tátal a bhí aige ró-shoiléir:

**Tá sé deacair don Choiste a chreidiúint gur cheart go mbeadh ról an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste sa tír seo fós ag brath ar reachtaíocht atá ann le breis agus céad bliain.**

Is éard a bhí i gceist le tuarascáil 1988 ar ról an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ná iniúchadh ar theorainneacha an tsainchúraim reachtúil reatha agus athbhreithniú ar an gcleachtas idirnáisiúnta. I measc go leor rudaí eile, léiríodh an gá atá le reachtaíocht atá ann cheana a nuashonrú sa tuarascáil. Mhol sé freisin go ndéanfaí iniúchadh rialtais áitiúil a chónascadh. Bhain ceann dá phríomhcheisteanna le hiniúchadh ar chomhlachtaí stát-tionscanta. Glacadh go leor de na moltaí sa tuarascáil seo arís i bPáipéar Bán 1992, inar leagadh amach beartas an Rialtais maidir le sainchúram an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste a athchóiriú.

Tionscnaíodh Bille an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) i mí Iúil 1992. Bhí dul chun cinn an Bhille tríd an Oireachtas fada agus mionsonraithe, lena chinntiú gur thuig comhaltaí an Oireachtais na hathruithe molta agus gur aontaigh siad leo. Bhí Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste in ann cur leis agus a tuairimí a thabhairt. Chuir comhghleacaithe sa RA, a rinne a Ranna Státchiste agus Iniúchta a athmhúnlú agus a nuachóiriú go hOifig Iniúchóireachta Náisiúnta (NAO) i 1983, treoir ina leith freisin. Leis an National Audit Act, 1983 sa RA cuireadh ar chumas an NAO freastal ar na hathruithe ar ról an rialtais. Go háirithe, chuir sé ar chumas Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste an RA tuairisciú don pharlaimint ar an 'luach ar airgead' a bhain ranna rialtais amach.

Le hAcht 1993, a tháinig ina dhlí an 1 Eanáir 1994, leathnaíodh raon feidhme shainordú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste chun iniúchadh barainneachta agus éifeachtúlachta a áireamh agus na córais atá i bhfeidhm chun éifeachtacht a bhaint amach. Athdhearbhaíodh san Acht croíghnó an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste freisin — eisíocaíocht a rialú agus iniúchadh a dhéanamh ar chuntais airgid atá á riar ag an Oireachtas nó faoi rialú an Oireachtais.



F Comments

Draft Bill - Preliminary draft 23 March 1992

Observations of Office of C&AG

(a)(i) Section 2(1)(a)

In order to incorporate the concept of the functions being 'additional' it is recommended that the Section commence

" The C&AG shall in addition to auditing the accounts of such persons or funds as are or may be specified in any other enactment audit... "

(ii) Section 2 1 (a) (v)

Query Who makes the actual determination mentioned
Is the section clear on this point

(iii) Section 2 (1)(b)

Insert after 'person'

" whose accounts are audited by the C&AG under this Act (other than by subsection 2) or any other enactment

This would cover funds set up by existing bodies audited by the C&AG
As drafted the section would apply only to funds new 'audits' whether existing non-statutory engagements or being conferred for the first time by this Act


(iv) Section 2 (1)(c)

In view of the definition of 'company' in the 1963 Act
it is hard to see how this provision covers foreign subsidiaries or unincorporate entities eg limited partnerships

(v) Section 2 (2)

(1) This is not an additional function. In essence it is a restriction of an existing one. Does it merit a new separate section.

Nótaí maidir le Bille 1992, scríofa ag John Buckley. *(Bailiúchán Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste)*



Reference E.1/1/66.

1. J. A. Kelly. Born 19 June 1916.

2. Deputy Director of Audit.

3. Office of the Comptroller and Auditor General.

4. Associate of the Association of Certified and Corporate Accountants; Diploma in Public Administration (T.C.D.) with distinction in Accountancy. French Language.

5. Open J.E.O. 1935, 8th place.

6. Revenue Commissioners, Income Tax Claims repayments Branch 1935 - 1942. Office of the Comptroller and Auditor General 1942 to 1967. J.EO. 1935, Assistant Auditor 1942; Auditor 1949; Senior Auditor 1957; Deputy Director of Audit 1966.

Experience of auditing the Accounts of various State Departments and Semi-State bodies.

7. Computer appreciation course.

Sampla de CV ó 1967 ina dtaispeántar go raibh foireann an OARC&C, ó lár na 1960idí, ag fáil oiliúint i ndáil le ríomhairí agus, ag féachaint do bhallraíocht ionchasach CEE na hÉireann ag an am, ag foghlaim Fraincise. *(Cartlann Náisiúnta, CAG/2001/73/128)*


I 1994, tháinig oifigeach sinsearach ó NAO isteach san Oifig ar iasacht, chun comhairle a thabhairt ar fhorbairt srutha nua oibre ‘Luach ar Airgead’ (VFM), agus chomhoibrigh sé go dlúth leis an gcéad stiúrthóir in Éirinn um VFM, John Buckley.

Soiléiríodh leis an Acht na comhlachtaí atá le hiniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste freisin. Ba é an beartas a cuireadh in iúl ná go mbeadh gach comhlacht tráchtála leathstáit agus a bhfochuideachtaí le hiniúchadh ag iniúchóirí ón earnáil phríobháideach; d'fhan comhlachtaí stát-tionscanta neamhthráchtála faoi shainchúram an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, é sin nó tugadh faoi iad, lena n-áirítear gníomhaireachtaí sláinte agus coistí gairmoideachais. Leis an Acht, tugadh cearta áirithe iniúchta don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste freisin.

Soiléiriú eile a rinneadh ná gur ndearnadh Achtanna éagsúla i ndáil le luach saothair agus pinsean an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste a aisghair agus a ionadú le hAcht 1993. Bhí siad seo riachtanach sa chéad leath den fichiú haois — mar oifigeach bunreachtúil, b’éigean reachtaíocht a dhéanamh maidir le luach saothair agus socruithe pinsin an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Laghdaíodh aois scoir an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste go 65.

Tá alt d’Acht 1993 tiomanta go sonrach do cheart rochtana an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i ndáil le doiciméid, is é sin an ghné lárnach de Théama 6: An Neamhspleáchas a Chinntiú agus An Cur Isteach a Chosc.

Anuas ar an reachtaíocht, ba de dheasca an dul chun cinn teicneolaíochta a tharla an nuachóiriú. Tháinig féidearthachtaí nua freisin le teacht na ríomhairí sna 1970idí. D'éirigh sé níos éasca an ollanailís sonraí a dhéanamh, agus éascaíodh níos mó éifeachtúlachta san Oifig dá réir. D’fhéadfaí patrúin agus eisceachtaí a shainaithint go tapa, agus d’éascaigh an teicneolaíocht méid níos mó iniúchtaí spriocdhírithe. D’fhéadfaí méid an iniúchta a mhéadú freisin.



**The Audit Office** *Te Tari Whakamatau, Arotake*

UDC TOWER, 113-119 THE TERRACE, P.O. BOX 3928, WELLINGTON, NEW ZEALAND.
TEL: (04) 724 979, FAX: (04) 712-929.

File Ref: ER/01030

1 October 1990

Mr P L McDonnell
Comptroller and Auditor-General
Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
72-76 Faiche Stiabhna
Baile Atha Cliath 2
EIRE

Dear Laurie

Some time ago I wrote indicating that we were having a problem here in New Zealand regarding the definition of policy. In common with most of us, my ability to undertake value for money audits excludes the ability to question "policy". The question then becomes, quite obviously, one of defining the term. Not unnaturally the auditee is anxious to define the term narrowly whereas it is in the interests of the Audit Office to place as few constraints as possible on our audit activity.

I said I would keep you posted on how things develop. The attached memorandum summarises the position to which we have taken ourselves - which, to be frank, is far from clear - and our remedy which is to so frame our legislative authorities as, hopefully, to do away with the problem. I also am enclosing for completeness, my earlier letter to you and the opinion received from the Solicitor-General.

Kind regards.

Yours sincerely

Brian Tyler
Controller and Auditor-General

Sampla den chomhoibriú sa nuachóiriú: litir clóscríofa ó Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste na Nua-Shéalainne Brian Tyler chuig Lauri McDonnell. *(Bailiúchán Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste)*

Bhí an Oifig ar thús cadhnaíochta ó thaobh úsáid ríomhairí de. Bhí an caidreamh láidir atá aige lena chontrapháirt i gCeanada ríthábhachtach don nuachóiriú teicniúil seo freisin, mar gur thug Ceanada cead a bogearraí Anailíse Idirghníomhach ar Eastóscadh Sonraí (IDEA) a úsáid. Chuir iniúchóireacht ríomhaire-bhunaithe an-chabhair ar fáil, go háirithe i réimse an leasa — seirbhís stáit a d'fhás as cuimse ó thús na 1950idí.

Áirítear Oireachtas TV agus, níos déanaí, beoshruthú an Oireachtais ar ghnéithe eile den nuachóiriú. Bhí an CCP ina suí i seomra iata go dtí na luath-1980í, tráth, tar éis roinnt díospóireachta, ar ligeadh d'ionadaithe lucht an phreasa freastal ar éisteachtaí. Ba i mBealtaine 1998 a taifeadadh cruinniú CCP den chéad uair. Mar gheall ar sheisiúin bheo ar an teilifís, a thosaigh i 2004, fágadh go raibh níos mó cuntasachta.

Le hAcht 1993, in éineacht le nuálaíocht teicneolaíochta agus le cur i bhfeidhm an dea-chleachtais idirnáisiúnta i dteannta a chéile, rinneadh an-tábhacht le deich mbliana anuas den fhichiú haois ó thaobh oibriú agus sainchúram Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

TÉAMA 09

Cás-Staidéar:

# Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus an Imscrúdú um DIRT

Leis an imscrúdú um DIRT, fiosrúchán parlaiminteach a cuireadh ar bun chun líomhaintí imghabhála cánach arna éascú ag an earnáil bhaincéireachta a imscúdú, ardaíodh próífíl Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste a ardú go suntasach.

An 17 Nollaig 1998, chuir Dáil Éireann de chúram ar an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste John Purcell scrúdú a dhéanamh ar mheasúnú agus ar bhailiú Cánach Coinneála ar Ús Taisce (DIRT) idir 1 Eanáir 1986 agus 1 Nollaig 1998 arna dhéanamh ag institiúidí airgeadais agus na Coimisinéirí Ioncaim. Go háirithe, bhí ar an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste imscrúdú a dhéanamh ar aon úsáid a baineadh as cuntais neamhchónaitheacha bhréagacha chun an cháin a imghabháil, arbh í sin cáin a toibhíodh ar an ús a íocadh ar chuntais taisce.

Faoi Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, 1923, féadfar a ordú don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, le rún ó Dháil Éireann, obair shonraithe a dhéanamh thar a cheann, ach ní dhearnadh sin riamh. Bhí ghá ann an reachtaíocht atá ann cheana a nuashonrú chun cumhachtaí a thabhairt don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ba ghá chun an fiosrúchán parlaiminteach a sheoladh go leordhóthanach.

Go bunúsach, is éard a rinneadh leis an Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus Coistí Thithe an Oireachtais (Forálacha Speisialta), 1998 ná cumhachtaí eisceachtúla a thabhairt don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, cuid acu nach raibh feidhm acu ach ar feadh fhad thréimhse an fhiosrúcháin amháin. Mar sin féin, tá dhá fhoráil den Acht ag a bhfuil éifeacht leanúnach. Le halt 12, deonaítear pribhléid don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lasmuigh de Theach Laighean: 'beidh siad faoi phribhéid iomlán cibé áite agus cibé caoi a bhfoilseofar iad', agus le halt 21 leasaíodh Acht 1923: cuireadh an focal 'iarrfar' in ionad ' éileofar' in Acht 1998 Act chun aitheantas a thabhairt do neamhspleáchas an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.



An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste John Purcell ina oifig i gCaisleán Bhaile Átha Cliath agus a thuarascáil aigesean ar an imscrúdú maidir le DIRT, an 22 Iúil 1999. *(Rolling News)*

Chun an imscrúdú um DIRT a éascú, leis an Acht, tugadh cumhacht don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste Príomhfheidhmeannaigh agus pearsanra ardchéime eile a thabhairt isteach ó na bainc agus iad a chur faoi mhionn (Alt 6). Tugadh cumhachtaí speisialta dó freisin chun doiciméid na mbanc a fhionnachtain (Alt 9). I ndáiríre, tugadh cumhachtaí gar-bhreithiúnacha don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste John Purcell chun an fiosrúchán a stiúradh. Faoina mhaoirseacht ghinearálta, ceapadh iniúchóir ó lasmuigh den dlínse chun scrúdú a dhéanamh ar chuntais taisce laistigh de na hinstitiúidí airgeadais thar a cheann (Alt 10).

Ba iad seo a leanas na trí phríomhchéim den fhiosrúchán: scrúdú a dhéanamh ar dhoiciméid iomchuí a bhí i seilbh na mbanc agus na gCoimisinéirí Ioncaim, fianaise a ghlacadh faoi mhionn ó oifigigh ó na bainc, ón mBanc Ceannais agus ó na Coimisinéirí Ioncaim, agus mionscrúdú a dhéanamh ar chuntais bhainc ag an t-iniúchóir neamhspleách, arna cheapadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Lean an t-imscrúdú ar aghaidh ar feadh seacht mí, ag tosú i mí Eanáir 1999. Foilsíodh tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, a bhí 610 leathanach ar fad, an 19 Iúil 1999; ansin, idir Lúnasa agus Samhain 1999, shuigh fochoiste um DIRT an CCP 26 lá d'éisteachtaí poiblí thar thréimhse sé seachtaine agus scríobh sé a chéad tuarascáil, gníomh a raibh dhá mhí i gceist lena dhéanamh. D'oibrigh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste go dlúth le Jim Mitchell TD, Cathaoirleach an CCP, freisin, arbh é an cathaoirleach ar an bhfiosrúchán.

Le linn na n-éisteachtaí poiblí, rinne na bainc, na Coimisinéirí Ioncaim agus an Roinn Airgeadais aighneachtaí. Bhí ar Ghobharnóir an Bhainc Ceannais, Maurice O'Connell, fianaise a thabhairt maidir le cleachtais an Bhainc Ceannais i ndáil leis na bainc a rialú. Cuireadh Príomhfheidhmeannaigh an Bhainc agus cathaoirleach na gCoimisinéirí Ioncaim faoi ghrinnscrúdú poiblí nuair a cuireadh na héisteachtaí ar an teilifís, agus fágadh go raibh an próiseas trédhearcach dá bharr. In 2000, luaigh an Teachta Pat Rabbitte, ball den fho-choiste, ag smaoineamh siar dó:

> **[B]hí tacaíocht shoiléir le brath ón bpobal do rathúlacht an fhiontair anseo.... Ní bhíonn gnaoi na ndaoine ar na bainc de ghnáth agus bhí a gcustaiméirí sásta go raibh orthu cuntas a thabhairt go poiblí i ndáil lena ngníomhartha.**

D'fhoilsigh an Coiste um Chuntais Phoiblí a thuairimí ar thuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i mí Aibreáin 2001.

Ba é an toradh a bhí ar an imscrúdú ná gur bailíodh suas le €860 milliún de DIRT agus cáin bhunúsach faoi mhí an Mheithimh 2008 — tháinig an cháin bhunúsach chun cinn nuair a imscrúdaíodh foinse na dtaiscí. Leagadh béim san fhiosrúchán ar chlaonpháirteachas na mbanc le custaiméirí maidir le cuntais neamhchónaitheacha bhréagacha. Leagadh béim ann freisin ar mhainneachtain na gCoimisinéirí Ioncaim beart tráthúil agus cuí a dhéanamh, agus drogall an Bhainc Ceannais dul i ngleic leis an neamhchomhlíonadh aitheanta sna bainc.

TÉAMA 10

# Idirghabháil Stáit: GNBS agus na Bainc a Chobhsú

I mí Mheán Fómhair 2008, tháinig cúlú eacnamaíochta domhain in Éirinn mar gheall ar ghéarchéim airgeadais i gcóras baincéireachta na hÉireann. Chlis ar an mbonn cánach. Mar thoradh ar idirghabháil stáit chun tacú leis an gcóras baincéireachta, tugadh Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste go lár an phróisis trínar comhdhlúthaíodh agus díoladh fiacha na mbanc.

Thar na blianta roimhe sin, bhí suimeanna móra tugtha d'iasacht d'fhorbróirí réadmhaoine ag na bainc agus na cumainn foirgníochta agus bhí siad fágtha anois le comhthaobhacht (bhí an chuid is mó de na hiasachtaí seo urraithe ag sócmhainní réadmhaoine) a raibh a luach níos ísle ná luach na n-iasachtaí a bhí curtha ina leith.

I mí Aibreáin 2009, d'fhógair an tAire Airgeadais Brian Lenihan go raibh Gníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS) le cruthú chun déileáil leis na hiasachtaí a bhaineann le maoin ó chúig institiúid airgeadais (AIB, Banc na hÉireann, an Banc Angla-Éireannach, an Cumann Foirgníochta Oideachais agus Cumann Foirgníochta Forleitheadach na hÉireann) 'chun fáil réidh leis an riosca sistéamach seo atá ann do chóras baincéireachta na hÉirean', agus chun 'an toradh airgeadais is fearr is féidir a bhaint amach' a fháil ó na hiasachtaí don cháiníocóir. Is éard a bhí mar an sprioc bheartais fhoriomlán ná na fiacha uile a ghlanadh agus GNBS a thabhairt chun críche faoi 2020.

Dá réir sin, bunaíodh GNBS go hoifigiúil mar chomhlacht reachtúil i mí na Nollag 2009 faoin Acht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, 2009. Faoi dheireadh 2010, bhí punann iasachtaí glactha aige ag a raibh €71 billiún tugtha ar airleacan do chustaiméirí ag na bainc. D'íoc sé €31 billiún as na hiasachtaí seo, agus fágadh na bainc le easnamh maoinithe dá réir comhionann le 58 faoin gcéad den leabhar iasachta bunaidh.

Ar feadh tréimhse, bhí GNBS ar cheann de na cuideachtaí sealúchais is mó ar domhan. Cé nach ndearna an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar chomhlachtaí tráchtála stáit, mar gheall ar nádúr agus scála oibríocht an GNBS spreagadh an tOireachtas chun iniúchadh a dhéanamh ar an GNBS, agus an fheidhm bhreise a bhaineann le tuairisciú gach trí bliana ar dhul chun cinn an GNBS a chur ar iontaoibh na hOifige. Níos mó ná riamh, bhí dearbhú údarásach neamhspleách ag teastáil ó Dháil Éireann go raibh airgead poiblí á úsáid i gceart.

Tá sé sainráite in Alt 57 den Acht nach mór don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste cuntais GNBS a iniúchadh. Mar sin bhí baint ag an Oifig le maoirseacht a dhéanamh ar GNBS ón tús. Mar gheall ar scála a cuid oibríochtaí, bhunaigh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste John Buckley foireann iniúchta tiomnaithe chun cuntais GNBS a iniúchadh agus chun tuairisciú a dhéanamh ar fheidhmíocht an GNBS i bhfáil agus i mbainistiú na n-iasachtaí a aistrítear ó na bainc. Le hAlt 226



John Buckley do cheapadh ag an Uachtarán Máire Mhic Ghiolla Íosa.
*(Rolling News)*

d'Acht 2009 forordaíodh athbhreithniú tríbhliantúil ar dhul chun cinn GNBS freisin, a bheidh le déanamh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

I mí an Mhárta 2020, d'fhógair an GNBS go raibh 'na €31.8 billiún uile de fhiachais arna n-eisiúint chun iasachtaí a shealbhú ó na hInstitiúidí Rannpháirteacha aisíoctha go hiomlán'.

Bhí ról lárnach ag an Oifig d'fhonn an mhaoirseacht phoiblí a chinntiú i ndáil le punann na n-iasachtaí lagaithe a bhainistiú ag GNBS, is iasachtaí a fuair GNBS ó na bainc. Ba é an dara céim sa phróiseas cobhsaíochta ná aghaidh a thabhairt ar easnamh maoinithe na mbanc agus, faoi Iúil 2012, bhí €65 billiún infheistithe ag an Stát mar chaipiteal sna bainc. Rianaíodh an t-athchaipitliú i dtuarascálacha bliantúla an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, a thuairiscigh ar an méadú a tháinig dá réir ar an bhfiachas náisiúnta, a raibh na hinfheistíochtaí sin mar chúis pháirteach leis, freisin.

Tar éis na fáltais ó dhiúscairt a cuid infheistíochtaí faoi na bearta cobhsaíochta, agus díbhinní lánsaoil ionchais an GNBS don Státchiste, a chur san áireamh, measadh glanchostas don Stát ar an bpróiseas foriomlán cobhsaíochta baincéireachta mar €45 billiún i mí na Nollag 2021.

TÉAMA 11

# ‘Rian an Iniúchta’: Taifid Stairiúla an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceapadh an chéad duine a raibh ról aige faoin teideal Auditor General of Ireland [Ard-Iniúchóir na hÉireann] i mí an Mhárta 1547, i gcomhthéacs aistriú ollmhór ar úinéireacht talún agus riachtanas chun leasanna na Corónach a chosaint.


Tar éis an Reifirméisean i Sasana i 1534, cuireadh tús le díscaoileadh na mainistreacha in Éirinn sa bhliain 1536. Bhí riarthóirí iontaofa ag teastáil chun críocha éadáil na Corónach stráicí móra talún agus foirgneamh. Ba é an príomhról a bhí aige ná an chaoi ar diúscraíodh talamh a sheiceáil, agus táirgeadh cainníochtaí taifead tábhachtach, lena n-áirítear gníomhais teidil, agus ba ghá iad a chosaint. Bhí imní ar Phríomh-Chomhairle Shasana, áfach, nach raibh leasanna na Corónach á gcosaint in Éirinn.

Mar gheall ar an athrú reachtúil i ndáil le hÉirinn ó thiarnas go ríocht i 1541, fágadh go raibh an rialú níos déine, agus, i 1547, d’fhonn a chinntiú go raibh an duine a bhí ag déanamh maoirsiú ar na haistrithe talún agus ag cinntiú go raibh an Choróin ag fáil na bhfáltas neamhspleách, cheap an rí Richard Brasier mar Ard-Iniúchóir na hÉireann. Ba é an príomhról a bhí aige ná a sheiceáil conas a diúscraíodh talamh. Táirgeadh cainníochtaí taifead tábhachtach, lena n-áirítear gníomhais teidil, agus ba ghá iad a chosaint. Leanadh le hoifig Auditor General for Ireland a bheith ann ar feadh na 275 bliain ina dhiaidh sin.

Tar éis Acht Aontais na bliana 1801 idir an Bhreatain agus Éire, chumasc leis an Acht the Consolidation Fund Act, 1816 rinneadh Státchiste na hÉireann a thabhairt isteach i Státchiste na Breataine. Mar sin, ó 1817, cuireadh cuntais ioncam cánach na hÉireann go Londain. Sa bhliain 1822, cuireadh post Vice-Treasurer [Leas-Chisteoir] in ionad an Auditor General for Ireland. Ba é Robert Jocelyn, an tríú hiarla Roden, an sealbhóir deiridh den ról — arbh tuarastal gan saothrú a bhí i gceist leis faoin am sin — ó 1820 go 1822. Ba iad a sheanathair, Robert Jocelyn, Céad Iarla Roden, a raibh an ról aige díreach roimhesean, agus bhí an oifig aigesean ar feadh beagnach leathchéad bliain, ó 1750 go 1797, agus roimhe sin bhí sé ag a athairsean, an dara iarla, Robert Jocelyn freisin.

Sa bhliain 1834, cruthaíodh Office of the Comptroller of the Exchequer sa Ríocht Aontaithe. I mí an Mheithimh 1866, leis an Exchequer and Audit Departments Act, chomhcheangail an Príomh-Aire William Gladstone an Office of the Audit Board agus Oifig an Office of the Comptroller of the Exchequer chun ‘éadáil, coimeád, agus eisiúint airgid phoiblí a rialáil, agus chun socrú a dhéanamh maidir le hiniúchadh a dhéanamh ar a gcuntais'. Tá Acht 1866 fós mar bhunús leis an iniúchadh poiblí in Éirinn.

Ar an drochuair, agus in ainneoin go bhfuil an ról fós ann leis na céadta blianta, is minic a bhíonn taifid Ard-Iniúchóir na hÉireann agus an iniúchta poiblí gann. Tar éis bunú Oifig an Stáit Páipéir i 1702, coinníodh doiciméid thábhachtacha stáit i dTúr na dTaifead i gCaisleán Bhaile Átha Cliath.


Auditor Generall – James Ware Esq.
Sr. James Ware Kt.
in Reversion to Ja. Ware Esq.
Sr. Edwd. Dering Bart. in Reversion after the Death of James Ware Esq.
Charles Dering Esq. after the Death of James Ware Esq., and Sr. Edward in Reversion
Charles Dering Esq. & Charles his Son
Reversion Ld. Nassau Powlett
Pleasure Life 265 . . 900
Charles Dering Senr. dead
Surveyor General Richard Stone Esq.
Do.
Wm. Molesworth Esq.
Do.
Pleasure 60 . . 100.


Oifigigh in Éirinn, 1688-1727. Liosta na nArd-Iniúchóirí. (*Cartlann Náisiúnta, M/2537)*

Faoi na 1820idí luatha, á gcoimeád sna Ceithre Cúirteanna. I litir ó 1825 ó Leas-Leas-Chisteoir na hÉireann William Blacker chuig Príomh-Rúnaí na hÉireann, Henry Goulburn, léirítear go raibh droch-choinníollacha stórála ann:

“

**Tá cúis sár-mhaith agam faitíos a bheith orm go scriosfar go leor doiciméad luachmhar má táthar chun leanúint ar aghaidh a thuilleadh de réir mar atá staid cúrsaí faoi láthair i gcruinneachán na gCeithre Cúirteanna, áit a bhfuil siad neamhchosanta roimh droch-thorthaí na taise agus an deannaigh.**

”



CSO/RP/1824/2120/3/A


Record Tower,
to Castle Yard;
10th March 1826.

Copy

Sir

In the last half yearly Report of the Committee acting under the Board of Records, it was reported, on the subject of Buildings, that the Vice Treasurer of Ireland was in Communication with the Government as to the necessity of completing the Apartments allotted to the Auditor General's Records & Books & Documents now in the Dome of the Four Courts; and as these Apartments still remain unfinished I beg leave agreeably to the directions of the Commissioners to renew my Communication with you on this subject, not only as these documents suffer material injury from their present situation in the Dome

William Blacker Esqr.
Dep. Vice Treasurer of Ireland
&c &c
Treasury



from a different Quarter a, Copy of which I have the honour to enclose.

I beg leave again to state that unless the necessary Steps are taken to avert the Evils, by preparing the depositary alluded to in the Letter of Mr Shaw Mason; there is but too much reason to apprehend that many Records of the first consequence will be lost to the Public

I have the honour to be
your Obedt Servt



Litir maidir le taifid an Ard-Iniúchóra.
*(Cartlann Náisiúnta, SORP/1824/2120/A)*

Tháinig réiteach chun solais nuair a chinn Óstaí an Rí a sciathán nua leabharlainne a dhíol leis an Stát mar oifig taifead. Bhí seomraí le hullmhú ansin chun taifid an Ard-Iniúchóra a stóráil. Próiseas fada a bhí ann, áfach, agus ní raibh na seomraí nua réidh bliain ina dhiaidh sin nuair a scríobh Blacker arís in 1826 chun tabhairt amach faoin ‘staid uafásach ina bhfuil na cáipéisí fíorthábhachtacha sin’. Leag sé béim ar an ngá a bhí ann iad a aistriú, agus luaigh, mar rabhadh:

**[M]ura ndéantar na bearta riachtanacha chun an t-olc a sheachaint, tríd an taisce [in Óstaí an Rí] a ullmhú, beidh údar ollmhór ann chun tabhairt le tuiscint go gcaillfear a lán taifead den chéad tábhacht don phobal.**

Ní raibh Blacker ina aonar. Bhí imní ar William Shaw Mason, a ceapadh in 1810 mar Rúnaí ar Choimisiún Taifead na hÉireann tamall beag roimhe, agus a raibh de chúram air taifid phoiblí gan smacht a atheagrú, a chatalógú, a chaomhnú agus a fhoilsiú. Óna oifig i dTúr na dTaifead i gCaisleán Bhaile Átha Cliath, scríobh sé faoin ‘riachtanas atá ann na hárasáin atá i gcruinneachán na gCeithre Chúirteanna atá curtha ar fáil do thaifid, leabhair & doiciméid an Ard-Iniúchóra anois’ a chríochnú.

Faoin mbliain 1827, bhí Shaw Mason ag éirí mífhoighneach agus scríobh sé arís chuig Goulburn ag tathant air go n-aistreofaí an bailiúchán. Níor tharla an t-aistriú riamh. Ina áit sin, cuireadh na taifid chuig Teach an Chustaim. Scriosadh ansin iad nuair a dhírigh an IRA ar an bhfoirgneamh le linn Chogadh Angla-Éireannach 1919–1921, beagnach céad bliain ina dhiaidh sin.

Tá na taifid luachmhara a chruthaigh George McGrath agus a chomharbaí faoi chosaint anois faoin Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986 agus faoin reachtaíocht a tháinig ina dhiaidh sin. Aistrítear iad chuig Cartlann Náisiúnta na hÉireann ar Shráid an Easpaig tar éis tríocha bliain, áit a chuirtear ar fáil don phobal iad, rud a chinntíonn an trédhearcacht leanúnach. Ba fhoinse uathúil agus luachmhar iad agus an cuntas seo á scríobh.



I 1922, ar dtús faoi chathaoirleacht Mhichíl Uí Choileáin, an Bunreacht Tháinig an Coiste le chéile in Óstán an Shelbourne, seomra 112, chun Bunreacht Shaorstát Éireann a scríobh.



Ionsáigh: Seomra 112 inniu, anois an Bunreacht Suite.
*(Le caoinchead ó Óstán Shelbourne)*

# Conclúid

Ó bunaíodh é i 1922, i measc dréachtaí agus díospóireachtaí a rinne chomhaltaí an Choiste Bunreachta a chruinnigh in Óstán Shelbourne, go dtí an ról ríthábhachtach atá aici faoi láthair i saol poiblí na hÉireann, tá raon feidhme agus cumhachtaí Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste tar éis fás le céad bliain anuas.

Le linn na chéad cúpla tréimhsí deich bliana di a bheith ann, bhí an Oifig srianta mar gheall ar dhearcadh coimeádach dá ról. Ar dtús ba é an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste amháin a rinne maoirsiú ar dheonú creidmheasanna ar an Státchiste don Aire Airgeadais, rinne sé iniúchadh ar chuntais na ranna stáit éagsúla tar éis an t-airgead arna dheonú a chaitheamh, agus tuairiscigh sé do Choiste um Chuntais Phoiblí Dháil Éireann, agus béim á leagan aige ar aon neamhréiteach nó aon mhíchaitheachas.

Ó na 1960idí i leith, mar fhreagra ar an méadú a bhí tagtha ar líon na hoibre iniúchóireachta a eascraíonn as earnáil stáit agus phoiblí atá, is earnálacha atá ag éirí níos mó go leanúnach, mar aon leis an ngá atá le hoiriúnú do shochaí nuachóirithe, agus de réir treochtaí idirnáisiúnta i dtreo ról iniúchóireachta níos forleithne, thosaigh na Ard-Reachtairí agus Iniúchóirí brú a dhéanamh ar son athrú reachtaíochta chun sainchúram na hOifige a leathnú go foirmiúil. Is le hAcht 1993 a cuireadh é sin i gcrích ar deireadh.

Tá 'Luach ar Airgead' (VFM) agus iniúchadh feidhmíochta ina bpríomhthascanna ó shin, cuireadh iniúchadh ríomhairithe i bhfeidhm, agus lean an Oifig lena caidreamh le comhghleacaithe idirnáisiúnta. Tá an Oifig claochlaithe ina comhlacht bunreachtúil úrscothach, mar atá inniu ann, mar gheall ar na forbairtí siúd. Tá athrú agus forás ann, ach tá príomhthascanna an iniúchta neamhspleách agus na maoirseachta criticiúla fós chomh bunriachtanach do leanúnachas agus d'fhorbairt an Stáit agus a bhí siad céad bliain ó shin.





Múrmhaisiú arna phéinteáil ag fostaithe chun comóradh céad bliain na hOifige a cheiliúradh.
*(Bailiúchán Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste)*